II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2019/714 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Márta 2019

a chuirtear in ionad Iarscríbhinn I agus lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ([1]) ó na saoránaigh, agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá i bhforáil in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 gur cheart go mbeadh líon íosta na sínitheoirí ar thionscnamh ó na saoránaigh ar aon líon le líon na bhFeisirí i bParlaimint na hEorpa a toghadh i ngach stát díobh sa cheathrú cuid de na Ballstáit ar a laghad, agus é iolraithe faoi 750. Tá na líonta íosta sin leagtha amach in Iarscríbhinn I den Rialachán sin.

(2) An 29 Márta 2017, chuir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") fógra isteach é a bheith de rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Rachaidh an fheidhm atá ag na Conarthaí i leith na Ríochta Aontaithe ar scor ón dáta ar a dtagann comhaontú um tharraingt siar i bhfeidhm nó, dá éagmais sin, 2 bhliain tar éis an fhógra sin, eadhon ón 30 Márta 2019 amach, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, síneadh a chur leis an tréimhse sin.

(3) An 28 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh na Comhairle Eorpaí (AE) 2018/937 ([2]) faoina mbunaítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa. Is an 3 Iúil 2018 a tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm, agus is ann a leagadh amach líon na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa a bhí le toghadh i ngach Ballstát faoi seach don téarma parlaiminte 2019-2024 dar tús an 2 Iúil 2019.

Ionas go mbeidh macasamhail na rialacha seo ann maidir le líon íosta na sínitheoirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 is iomchuí leasú ar Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011. Ba cheart go dtiocfadh an leasú i bhfeidhm an 2 Iúil 2019 nuair a bheidh tús le téarma parlaiminte 2019-2024. Mar sin féin, má tharlaíonn go gcuirtear síneadh leis an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear in Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach thar an dáta sin amach, is tar éis dul in éag don tréimhse a bhfuil síneadh léi ba cheart don leasú a bheith infheidhme. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Iarscríbhinn I a ionadú.

(4) Foráiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 go gceanglaítear ar eagraithe tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh an tionscnamh a chlárú leis an gCoimisiún, agus an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Rialachán sin a sholáthar.

([1]) IO L 65, 11.3.2011, lch. 1.
([2]) Cinneadh (AE) 2018/937 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa (IO L 165 I, 2.7.2018, lch. 1).

(5) Foráiltear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 gurb í an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII den Rialachán sin a úsáidfidh eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh agus iad á dtíolaic don Choimisiúin.

(6) Tá fonóta in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ina bhfuil faisnéis maidir leis an bpróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta eagraithe agus sonraí urraí. An fhaisnéis atá san fhonóta sin, ní mór a giorrú agus a simpliú leis an díol mearbhaill a sheachaint idir é agus an ráiteas príobháideachais a úsáidtear i bpróiseáil na sonraí a thagann i gceist.

(7) Is do Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá an tagairt san fhonóta ([3]). Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a aisghairm agus cuireadh Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina ionad ón 11 Nollaig 2018 ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 45/2001 a bhaint amach as na fonótaí sin.

(8) Ba cheart Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 a ionadú dá bhrí sin, agus ba cheart Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn VII sa Rialachán sin a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 mar a leanas:

(1) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an téacs i bhfonóta ([1]):

"([1]) Ní dhéanfar ach ainmneacha iomlána na n-eagraithe, seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann le foinsí tacaíochta agus cistithe a sholáthar don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin.

Tá na hábhair sonraí i dteideal cur in aghaidh fhoilsiú a gcuid sonraí pearsanta ach cúiseanna dlisteanacha dosháraithe a bheith acu a bhaineann lena gcás féin go sonrach.";

(3) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid a leanas in ionad an téacs i bhfonóta ([1]):

"([1]) Ní dhéanfar ach ainmneacha iomlána na n-eagraithe, seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann le foinsí tacaíochta agus cistithe a sholáthar don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin.

Tá na hábhair sonraí i dteideal cur in aghaidh fhoilsiú a gcuid sonraí pearsanta ach cúiseanna dlisteanacha dosháraithe a bheith acu a bhaineann lena gcás féin go sonrach.".

Airteagal 2

Is ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Beidh feidhm ag pointe 1 d'Airteagal 1 ón 2 Iúil 2019 nó ón lá i ndiaidh an lae a bheidh scor feidhme ar na Conarthaí i leith na Ríochta Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cibé acu is déanaí.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2019.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Jean-Claude JUNCKER

IARSCRÍBHINN

AN LÍON ÍOSTA SÍNITHEOIRÍ IN AGHAIDH AN BHALLSTÁIT

an Bheilg	15 750
an Bhulgáir	12 750
Poblacht na Seice	15 750
an Danmhairg	10 500
an Ghearmáin	72 000
an Eastóin	5 250
Éire	9 750
an Ghréig	15 750
an Spáinn	44 250
an Fhrainc	59 250
an Chróit	9 000
an Iodáil	57 000
an Chipir	4 500
an Laitvia	6 000
an Liotuáin	8 250
Lucsamburg	4 500
an Ungáir	15 750
Málta	4 500
an Ísiltír	21 750
an Ostair	14 250
an Pholainn	39 000
an Phortaingéil	15 750
an Rómáin	24 750
an tSlóivéin	6 000
an tSlóvaic	10 500
an Fhionlainn	10 500
an tSualainn	15 750